C/2025/2813

21.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11982 — HELLMAN & FRIEDMAN / CVC / MEHILÄINEN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2813)

1. An 12 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hellman & Friedman LLC ('H&F', na Stáit Aontaithe),

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— Mehiläinen Konserni Oy ('Mehiläinen', an Fhionlainn).

Gheobhaidh H&F agus CVC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Mehiläinen.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta cothromais phríobháidigh é H&F, Díríonn an ghnólacht ar infheistiú i saincheadúnais ghnó atá níos fearr agus feidhmíonn sí mar chomhpháirtí breisluacha bainistíochta i dtionscail roghnaithe lena n-áirítear bogearraí & teicneolaíocht, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, tomhaltóirí & miondíol, agus seirbhísí gnó eile, Tá H&F gníomhach ar fud an domhain trína chuideachtaí punainne rialaithe.

— Is bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda é CVC atá dírithe ar chothromas príobháideach, ar chreidmheas, ar bhonneagar agus ar mhargaí tánaisteacha. Cistí CVC, atá faoi rialú indíreach ag CVC, tá leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear i seirbhísí airgeadais, ceimiceáin, fóntais, monaraíocht, miondíol agus dáileadh, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise,

3. Is soláthraí príobháideach seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte é Mehiläinen, a thairgeann seirbhísí cuimsitheacha san Eastóin, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, sa Liotuáin agus sa tSualainn.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11982 — HELLMAN & FRIEDMAN / CVC / MEHILÄINEN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË